

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
FÓMHAR 2022

TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh in
<http://www.foras.ie/en/>; <https://ealain.ie/>; <https://www.gaelchultur.com/>;
<http://www.tuairisc.ie/>; <http://www.cnag.ie/>; <https://udaras.ie/en/>;
<http://www.gaeloideachas.ie/>; <http://www.rte.ie/>; <http://www.nos.ie/>;

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2022.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógraíonn An Foras Pátrúnachta go bhfuil folúntas acu do Bhainisteoir Cumarsáide. Is mian leis an bhForas duine fuinniúil, cumasach le hardchaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa a fháil don phost seo. Tá cáilíocht tríú leibhéal sa chumarsáid inmhianaithe, freisin. Tá an Foras Pátrúnachta lonnaithe i Maigh Nuad, Contae Chill Dara agus beidh an té a cheapfar ag obair ón oifig ansin.

Is iad na príomhdhualgais a bheidh ar an duine a cheapfar ná: Plean Cumarsáide don eagraíocht a ullmhú agus a chur i bhfeidhm; lucht leanúna na heagraíochta ar na meáin shóisialta a mhéadú agus clúdach leathan ar na meáin áitiúla agus náisiúnta a chinntiú don eagraíocht.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.foras.ie nó is féidir litir iarratais agus CV a sheoladh le ríomhphost chuig caoimhin@foras.ie. Is é an spriocdháta d'iarratais ná an chéad lá de Mhí na Bealtaine, fiche fiche agus a dó. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógra anseo ó Ealaín na Gaeltachta. Tá sraith de cheachtanna bunaithe ar shaothar ealaíne cruthaithe ag an ealaíontóir, Deirdre Ní Bhraonáin le hurraíocht ó Ealaín na Gaeltachta. Cuirfidh múinteoirí bunscoile agus tuismitheoirí spéis ar leith sna ceachtanna seo.

Díríonn na ceachtanna ar tharraingt, ar phéinteáil agus ar phriontáil, agus, trí inspioráid a thógáil ón nádúr, léiríonn Deirdre bealaí spéisiúla chun féileacáin, bratacha agus crainn a chruthú as ábhar atá ar fáil i ndúiche na gnáthscoile.

Tá Ealaín na Gaeltachta tiomanta d'fhorbairt na n-ealaíon agus is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi na ceachtanna agus faoi na seirbhísí go léir a chuireann Ealaín na Gaeltachta ar fáil trí litir a sheoladh chugainn ag Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co na Gaillimhe.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo ó Ghaelchultúr Teoranta. Tá sraith de chaoga físeán curtha ar fáil againn ar *You Tube*. Is é ‘Fís agus Foghlaim’ an t-ainm atá ar an tsraith. Tá sé mar sprioc ag na físeáin foghlaim na gramadaí a dhéanamh níos éasca agus níos spráúla d’fhoghlaimoirí fásta Gaeilge.

Díríonn na físeáin ar chuid de na rialacha gramadaí is tábhachtaí agus ní mhaireann gach físeán ach thart ar dhá nóiméad. Tá na físeáin seo an-oiriúnach go háirithe d’iarrthóirí ar an gCáilíocht sa Ghaeilge.

Tá tuilleadh eolais faoin tsraith seo ar fáil ag www.gaelchultúr.com nó trí ríomhphost a chur chuig eolas@gaelchultúr.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Seán: Dia duit, a Íde? Conas atá tú?
(Tomás)
- Íde: Dia is Muire duit, a Sheáin. Táim go breá ar fad, conas atá cúrsaí leatsa?
(Áine)
An bhfuair tú saoire thar lear i mbliana?
- Seán: Fuair. Chuaigh mé ar ais chuig an mBreatain Bheag.
- Íde: An ndeachaigh tú ar ais go hAberystwyth?
- Seán: Chuaigh. Mar is eol duit, fuair mé mo chuid oiliúna mar mhúinteoir in Ollscoil Aberystwyth agus chaith mé ceithre bliana ag múineadh ansin. Tá go leor cairde agam thall nach bhfaca mé le fada mar gheall ar an bpaindéim agus bhí sé go hiontach a bheith in ann bualadh leo arís.
- Íde: Caithfidh go raibh sé sin go hiontach ar fad. Cá fhad a bhí tú ann?
- Seán: Bhí mé ann ar feadh coicíse. D’fhan mé in óstán deas in aice leis an gcaisleán.
- Íde: Agus an bhfuil mórán le déanamh in Aberystwyth?
- Seán: Tá Aberystwyth suite ar an gcósta agus is baile fíor-tharraingteach é. An rud is fearr liomsa a dhéanamh ann ná turas a thógáil ar an iarnród aille os cionn an bhaile.
- Íde: Iarnród aille? Déarfainn go bhfuil na radhairc go hiontach uaidh sin.
- Seán: Tá na radhairc ón traein dochreidte, ceart go leor.
- Íde: Agus an raibh an aimsir go maith nuair a bhí tú ann?
- Seán: Bhí an t-ádh dearg orm go raibh an aimsir ar fheabhas. Chaith mé go leor laethanta ag sú na gréine ar an trá.
- Íde: Is é sin an fáth a bhfuil an dath órga sin ar do chraiceann agat!
- Seán: Is fíor duit. Lig mé mo scíth i ndáiríre agus thóg mé sos ceart.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Caoimhe: Dia duit, a Phádraig. An bhfuil post múinteoireachta agat don bhliain úr?
(Treasa)
- Pádraig: Níl go fóill, a Chaoimhe, ach chuaigh mé faoi agallamh inné agus táim dóchasach. An bhfuil post agat féin?
- Caoimhe: Beidh mé ag múineadh i Scoil Náisiúnta Naomh Bríd arís i mbliana. Scoil bheag is ea í. Bhí mé ann anuraidh.
- Pádraig: Cén rang a bheidh agat i mbliana?
- Caoimhe: Anuraidh bhí na Naíonáin Shóisearacha agus na Naíonáin Shinsearacha agam agus i mbliana beidh Rang a hAon agus Rang a Dó agam.
- Pádraig: An mbíonn sé deacair a bheith ag déileáil le dhá Rang ag an am céanna?
- Caoimhe: Ní raibh sé éasca ag an tús ach thug na múinteoirí eile sa scoil comhairle mhaith dom agus tá straitéisí agam anois don suíomh ilghráid. Ach inis dom, cá ndeachaigh tú faoi agallamh?
- Pádraig: I Scoil Náisiúnta Thuar Mhic Éadaigh. Scoil bheag go leor is ea í. Níl ach caoga cailín agus caoga buachaill ar an rolla inti.
- Caoimhe: Chuala mé faoin scoil sin. Deirtear go bhfuil atmaisféar an-dearfach inti. Cé atá mar Phríomhoide uirthi?
- Pádraig: Ciara Ní Thuathail is ainm don Phríomhoide. Bhí sí ar an mbord agallaimh inné.
- Caoimhe: Níl aithne agam uirthi. An bhfuil aitheantas ag an scoil sin mar Scoil Ghaeltachta?
- Pádraig: Tá. Múintear na hábhair go léir trí mheán na Gaeilge.
- Caoimhe: Bheadh an scoil sin an-oiriúnach d'fhear Gaeltachta cosúil leatsa!
- Pádraig: Ó! Thaitheodh sé go mór liom a bheith ag obair i scoil Ghaeltachta agus ní thógfadh sé ach leathuair an chloig orm dul ó Chaisleán an Bharraigh go Tuar Mic Éadaigh gach maidin.
- Caoimhe: Bhuel! Go n-éirí leat agus cuir glao orm má chloiseann tú aon rud faoin bpost!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

- Dónal: Dia duit, a Mhoya! Cad é mar atá tú?
(Muiris)
- Moya: Dia is Muire duit, a Dhónail. Deas tú a fheiceáil.
(Caitlín)
- Dónal: Bhí mé ag smaoineamh ort ar na mallaibh nuair a chuala mé ar an raidió go bhfuair an craoltóir, Jim Sherwin, bás. Suaimhneas síoraí dó! Tá a fhios agam go mbíodh an-mheas agatsa air.
- Moya: Bhuel! B'as Baile Phib i mBaile Átha Cliath dó ó dhúchas, cosúil liom féin, agus thaitníodh a chlár 'Tracks and Trails' go mór liom.
- Dónal: Ba chlár é sin a rinne sé tar éis dó dul ar scor óna phost mar thráchtair spóirt le RTÉ. Clár mór-ráchairte ab ea é.
- Moya: Is fíor duit. Thaitníodh an clár sin le go leor daoine. Thugadh sé eolas faoi shiúlóidí éagsúla in achan chearn den tír agus chuireadh guth bog Jim Sherwin go mór le hatmaisféar suaimhneach an chlár.
- Dónal: Bhíodh guth iontach aige don tráchtairacht ceart go leor. Labhraíodh sé go soiléir agus ag an luas ceart i gcónaí.
- Moya: Nár tugadh 'Guth an Rugbaí' air ar feadh na mblianta?
- Dónal: Tá an ceart agat, ach bhíodh sé ag déanamh tráchtairachta ar spóirt eile seachas an rugbaí fosta. Chraoladh sé ar an leadóg ó Wimbledon, mar shampla, agus is cuimhin liom é ag craoladh ó na Cluichí Oilimpeacha cúpla uair.
- Moya: Bhí raon an-leathan de spéiseanna aige agus bhíodh sé gairmiúil ina chur chuige.
- Dónal: Chuala mé a chomhghleacaí, Ger Canning, ag rá go mbíodh ullmhúchán mór déanta aige i gcónaí.
- Moya: Níl sé doiligh é sin a chreidiúint. Tráchtair cumasach ab ea é agus is cailliúint mhór é don tír.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Bhain comhlachtaí Gaeltachta éagsúla gradam amach aréir ag an gcomórtas iomráiteach: Gradaim Bhlas na hÉireann. Is léiriú é an t-aitheantas sin ar an gcaighdeán ard bia agus dí atá á sholáthar i gceantair Ghaeltachta ar fud na tíre.

I nGaeltacht Chiarraí, bhuaigh Brian Farrell agus a fhoireann i *Salann Mara an Daingin* gradam don salann blasta a dhéanann siad agus bhuaigh *Búistéir Uí Chinnéide*, siopa búistéara ceardaíochta sa Daingean, gradam do chaighdeán na feola a chuireann siad ar fáil. I nGaeltacht Mhúscraí, bhain *Folláin Teoranta*, comhlacht atá lonnaithe i mBaile Bhuirne, ocht nGradam Bhlas na hÉireann san iomlán do tháirgí éagsúla a chruthaíonn siad.

Agus í ag tréaslú le buaiteoirí na ngradam, dúirt Tara McCarthy, Príomhfheidhmeannach Bhord Bia, go n-aithnítear Gradaim Bhlas na hÉireann mar chaighdeán idirnáisiúnta agus go mbíonn an-tóir ar na táirgí a bhaineann gradam amach.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Bhronn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Gradam Alumni aréir ar bheirt bhan as Chonamara. Mar gheall ar an bpaindéim, reáchtáladh an ócáid ar líne.

Bronnadh an Gradam Alumni don Ghnó agus don Tráchtáil ar Áine Ní Chonghaile as Tír an Fhia i gCeantar na nOileán, Conamara. Is céimí de chuid na hOllscoile í Áine agus is í bunaitheoir an chomhlachta aistriúcháin *Europus*. Bronnadh an Gradam Alumni don Ghaeilge ar Neansaí Ní Choisdealbha as Cor na Rón, Indreabhán. Tá Neansaí ag obair le Raidió na Gaeltachta le fada agus is láithreoir aitheanta í.

Agus na gradaim á mbronadh aige, rinne Uachtarán na hOllscoile, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, comhghairdeas leis na buaiteoirí agus dúirt sé go raibh sé ag súil le fáilte a chur rompu chuig an ollscoil amach anseo chun ceiliúradh ceart a dhéanamh leo.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Tá maoiniú de leathmhilliún euro ceadaithe ag an gCoimisiún Eorpach d'Aerfort Dhún na nGall. Fógraíodh an maoiniú inné.

Cuireann Aerfort Dhún na nGall ar an Charraig Fhinne, Cionn Caslach, seirbhís den scoth ar fáil do thurasóirí agus do lucht gnó an iarthuaiscirt. Bíonn eitiltí ó Bhaile Átha Cliath go hAerfort Dhún na nGall ar fáil dhá uair sa lá agus ní thógann na heitiltí sin ach daichead bomaite.

Agus í ag labhairt faoin maoiniú, dúirt an tAire Stáit i Roinn an Iompair, Hildegard Naughton, go gcuideodh an maoiniú leis an aerfort agus leis an cheantar teacht aniar tar éis na paindéime. Dúirt sí go bhfuil na haerfoirt réigiúnacha i nDún na nGall, i Maigh Eo, i gCiarraí agus i gCorcaigh fíorthábhachtach do phobail na gceantar Gaeltachta sa tír.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.